Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha
Glenveagh National Park

NPWS

# Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta
# 17 – 24 Bealtaine 2026

# National Biodiversity Week Annual Festival
# 17 – 24 May 2026

## Le Chéile don Dúlra
## *Together for Nature*

**Ag ceiliúradh bithéagsúlachta Ghleann Bheatha trí chruthaitheacht, trí chomhrá agus trí phobal.**

**Celebrating Glenveagh's biodiversity through creativity, conversation and community.**

NATURA 2000

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

Ceangal

NCAD DUBLIN
National College of Art and Design

# LE CHÉILE DON DÚLRA
# 17 – 24 BEALTAINE 2026

**Ag ceiliúradh bithéagsúlachta Ghleann Bheatha trí chruthaitheacht, trí chomhrá agus trí phobal.**

Bí linn dár bhféile imeachtaí, le béim faoi leith ar na healaíona, chun aird a tharraingt ar an tírdhreach, a stair, na daoine, an dúlra agus caomhnú. Beidh an Pháirc ina hionad chun daoine gairmiúla atá ag obair don dúlra, ealaíontóirí, éascaitheoirí, ceoltóirí agus déantóirí scannán a thabhairt le chéile mar aon lenár bhfoireann féin. Gheobhaidh gach duine a thabharfaidh cuairt ar an bpáirc le linn na féile taithí ar atmaisféar speisialta agus teagmháil bhríoch leis an méid atá i gceist le bheith i bPáirc Náisiúnta, mar chuid de Líonra Natura 2000 – an líonra cosanta dúlra is mó ar domhan!

Tagann busanna an Nascbhealach Áitiúil Uimh. 971 idir Ailt an Chorráin agus Leitir Ceanainn chuig Gleann Bheatha cúpla uair sa lá. Smaoinigh ar bhealach inbhuanaithe i rith na seachtaine, fág an carr sa bhaile agus bí linn.

**Bíonn na himeachtaí go léir faoi réir na haimsire agus bíonn tinreamh íosta ag teastáil do chuid acu. Tá gach imeacht inrochtana ag cathaoireacha rothaí mura luaitear a mhalairt. Cuir d'áit in áirithe ar líne tríd ár suíomh Gréasáin. Má tá íocaíocht de dhíth, déanann comhpháirtithe féile aonair é seo. Má chuireann tú áit in áirithe ar líne, aontaíonn tú go gcoinneoimid do shonraí teagmhála ar mhaithe le cumarsáide imeachta amháin suas go dtí tús na féile agus le linn na féile.*

# TOGETHER FOR NATURE
# 17 – 24 MAY 2026



**Celebrating Glenveagh's biodiversity through creativity, conversation and community.**

Join us in our festival of events to highlight the landscape, its history, people, nature and conservation, with a special emphasis on the arts. The park will act as a venue to bring together professionals working for nature, artists, facilitators, musicians and craftspeople along with our own staff. Everyone visiting the park during the festival will experience a special atmosphere and meaningful encounter with what it means to be in a National Park, part of the Natura 2000 Network – the largest nature protection network in the world!

Glenveagh is serviced by the Local Link Route No. 971 between Burtonport and Letterkenny several times a day. Why not leave the car at home and join us in thinking sustainably during the week.

**All events are subject to weather and some require minimum attendance. All events are wheelchair accessible unless otherwise stated. Book online via our website. Where payment is required this is done by individual festival partners. By booking online you consent to us holding your contact details for the purposes of event communications only during the period leading up to and during the festival.*

OPW · Nádúr • Nature Gift Shop · Ceangal · Leave No Trace Ireland · Natura 2000 · commonpurpose · native events · Creative Schools · Hometree · the arty fox · Ireland · An Chúirt

## The Nature Space @ An Ollphuball (The Nature Space @ The Marquee)

**An tSeachtain ar fad / All Week | 10am – 5pm**
**Ollphuball / Marquee | Imeacht oscailte saor in aisce / Free open event**

Tabhair cuairt ar chrios na féile atá cruthaithe go speisialta leis an téama coillte, buail lenár bhfoireann, amharc ar ár n-ealaíontóir cónaithe ag obair, bain sult as caife agus amharc thart sa Choirnéal Leabhar Dúlra. Ceol beo gach lá 1–3pm.Beidh tob-shiopa Nadur Nature ag tairiscint a raon uathúil táirgí a dhéanann an dúlra, an bhithéagsúlacht agus an chruthaitheacht áitiúil a cheiliúradh. Beidh ceol i rith na seachtaine ó An Crann Óg, Maria McCormack, Bri Carr, Laura McFadden, Jack Houston, Líofa agus daoine eile.

Drop into the specially created woodland-themed festival zone, meet our staff, watch our artist in residence at work, enjoy a coffee and browse the Nature Book Nook. Live music daily from 1–3pm. Nadur Nature's pop-up shop will offer a unique range of products celebrating nature, biodiversity and local creativity. Music throughout the week from An Crann Óg, Maria McCormack, Bri Carr, Laura McFadden, Jack Houston, Líofa and others.



## Comhpháirtíocht an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (National College of Art & Design Partnership)

### An tSeachtain ar fad / All Week | Ollphuball & Ar fud na Páirce / Marquee & Throughout The Park

Tá lúcháir ar Ghleann Bheatha, i gcomhpháirtíocht le NCAD (Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha), a dara hEalaíontóir Cónaithe a óstáil. Is grianghrafadóir í Barbara Sullivan a oibríonn le próisis dhigiteacha, analógacha agus thrialacha. Bhain sí Dioplóma Iarchéime NCAD amach san Ealaín agus san Éiceolaíocht ar na mallaibh. Beidh íomhánna nua a rinne Barbara i nGleann Bheatha agus cuid dá saothar eile le déanaí ar taispeáint san Ollphuball le linn na féile. Taispeánfaidh sí cuid de na teicnící le dúigh luibheolaíocha a úsáideann sí ina saothar grianghrafadóireachta, ar mhaidineacha na féile. Beidh an deis agat ceisteanna a chur agus cuid de na dúigh ar pháipéar a thriail agus í i láthair san Ollphuball.


Barbara Sullivan

Glenveagh is delighted to host its second Artist in Residency, in partnership with NCAD. Barbara Sullivan is a photographer working with digital, analogue, and experimental processes and a recent graduate of the NCAD Postgraduate Diploma in Art and Ecology. Barbara will exhibit new images made in Glenveagh and some of her other recent work in the Marquee for the duration of the festival. In the mornings of the festival, she will demonstrate some of the techniques she uses with made botanical inks in her photographic work. You will have the opportunity to ask questions and try some of the inks on paper while she is present in the Marquee.

## Scéalta Coille - Am scéalaíochta idirghníomhach speisialta do theaghlaigh (Woodland Tales - Special Interactive story time for families)

**Dé Domhnaigh 17 Bealtaine / Sunday 17th May | 3-5pm**
**Ollphuball / Marquee | Saor in aisce / Free**

Is cuid dínn iad ár gCoillte Dúchasacha Éireannacha. Ár gcultúr. Ár Stair. Ár dTírdhreacha atá ag Síorathrú. Is linn go léir na háiteanna seo, lán de mhistéir, scéalta draíochtúla agus gach cineál carachtar agus créatúr. Bain sult as am uathúil spraoi agus machnaimh le Maura Logue agus ansin fiosraigh Gleann Bheatha mar theaghlach le do dhialann dúlra féin.

Our Native Irish Woodlands are part of who we are. Our culture. Our History. Our Ever Changing Landscapes. Full of mystery, magical stories and all sorts of characters and creatures, these places belong to us all. Enjoy a unique time of fun and reflections with Maura Logue then explore Glenveagh as a family with your very own nature journal.





# Spraoi le Caomhnú Ialtóg Éireann (Fun with Bat Conservation Ireland)

**Dé Domhnaigh 17 Bealtaine / Sunday 17th May**
**11am-3pm | Ollphuball / Marquee | Saor in aisce / Free**

Bain sult as stainnín eolais Chaomhnú Ialtóg Éireann le gníomhaíochtaí idirghníomhacha do theaghlaigh ar théama ialtóige, lena n-áirítear tráth na gceist beag, ceardaíocht ialtóige, agus cluichí.

Enjoy Bat Conservation Ireland's information stall with interactive bat themed activities for families including a mini quiz, bat crafts, and games.

BAT CONSERVATION IRELAND



*Photo: Karen Healy, Bat Conservation Ireland*

# Ceardlann Ealaíne do Dhaoine Fásta (Art Workshop for Adults)

**Dé Luain 18 Bealtaine / Monday 18th May | 3pm-4.30pm**
**An Foscadh Mór | Déan Áirithint ar Líne / Book Online**
**Saor in aisce / Free**

Ar an Luan, beidh Barbara ag iarraidh ar chuairteoirí fásta triail a bhaint as dúigh luibheolaíocha a dhéanamh agus a úsáid ag baint úsáide as speicis phlandaí coitianta a fhaightear inár ngairdíní nó ar ár gciumhaiseanna. Beidh an deis agat tarraingt nó scríobh le do dhúch ar pháipéar, agus triail a bhaint as dúigh bhreise a chuireann an t-ealaíontóir ar fáil. Beidh deis ag baill an ghrúpa triail a bhaint as dath a chur ar phrionta dubh agus bán seomra dorcha de cheann de ghrianghraif Barbara a rinneadh i nGleann Bheatha, agus an dúch a dhéanann tú le linn na ceardlainne á úsáid agat. Is leatsa an íomhá dheiridh le tabhairt abhaile leat. Ní gá taithí grianghrafadóireachta ná ealaíonta a bheith agat roimhe ré. Is ceardlann neamhfhoirmiúil í seo a bhfuil sé mar aidhm aici rannpháirtithe a spreagadh chun a bheith spraíúil ina rannpháirtíocht le healaín agus leis an dúlra.

On Monday, Barbara will invite adult visitors to playfully experiment with making and using botanical inks using common plant species found in our gardens or verges. You will have the opportunity to draw or write with your ink on paper, and to try additional inks provided by the artist. Group members will have the opportunity to experiment with colourising a black and white darkroom print of one of Barbara's photographs made in Glenveagh, using the ink you make during the workshop. Your final image will be yours to bring home. No previous photographic or artist experience is required. This is an informal workshop aimed to encourage participants to be playful in their engagement with art and nature.


Photo: Barbara Sullivan

# Ceardlann Ealaíne do Scoileanna Náisiúnta (Art Workshop for National Schools)

**Dé Mairt 19 Bealtaine / Tuesday 19th May**
**12 meán lae – 1.30 / 12 noon – 1.30 | An Foscadh Mór**
**Déan Áirithint ar Líne / Book Online | Saor in aisce – Déanfar freastal ar an té is túisce ansin / Free – First come first served.**

Ar an Máirt, beidh deis ag grúpa beag páistí bunscoile fiosrúchán a dhéanamh ar chuid dár bplandaí dúchasacha, agus a n-úsáidí traidisiúnta chomh maith lena luach bithéagsúlachta a imscrúdú le Barbara sula mbainfidh siad triail as tarraingt agus priontáil le dúigh luibheolaíocha a rinne Barbara sa bhaile agus ábhar plandaí gairdín coitianta, ar réimse dromchlaí. Is é an aidhm atá leis seo ná spraoi a bheith agat, triail a bhaint as próisis éagsúla agus fáil amach cén ceann is fearr leat a úsáid. Is leatsa an obair a dhéanann tú agus is féidir leat í a thabhairt abhaile.

*Tabhair picnic leat le sult a bhaint as agus chun go dtig leat fanacht níos faide más mian leat.*

On Tuesday, Barbara will have an opportunity for a small group of primary school children to explore some of our native plants, and to investigate their traditional uses as well as their biodiversity value before experimenting with drawing and printing with home made botanical inks and common garden plant material, on a variety of surfaces. The aim is to have fun, experiment with different processes and explore which one of them you like using best. The work you create will be yours to bring home.

*Bring a picnic lunch to enjoy and stay longer if you wish.*

# Múiríniú Rathúil (Successful Composting)

**Dé Mairt 19 Bealtaine / Tuesday 19th May | 1:45-2:45**
**Gairdíní an Chaisleáin / Castle Gardens | Déan Áirithint ar Líne / Book Online | Saor in aisce / Free**

Pléann an seisiún praiticiúil seo leis an dóigh a dtéann múirín chun tairbhe teaghlaigh agus an timpeallacht i gcoitinne. Foghlaim faoi na rudaí atá de dhíth ort le go n-éireoidh leat, faoi chórais mhúirínithe oiriúnacha agus faoin ról ríthábhachtach atá ag orgánaigh ithreacha chun dramhaíl a athrú ina hacmhainn luachmhar. Beidh piastlann bheag tí ar taispeáint a thabharfaidh léargas gar-amhairc ar an dóigh a n-athraíonn péisteanna dramhaíl chistine ina loirg péiste ilchothaithigh atá ina 'hór gairdín' i ndáiríre. Bígí linn lenár ngarraíodóirí a bhfuil taithí acu chun bealaí simplí indéanta a fhiosrú chun dramhaíl a laghdú, an ithir a shaibhriú agus difríocht shuntasach a dhéanamh i do ghairdín.

This practical session explores how composting benefits households and the wider environment. Learn about the key ingredients for success, suitable composting systems and the vital role soil organisms play in transforming waste into a valuable resource. A small home wormery will be on display offering a close-up look at how worms transform kitchen waste into nutrient-rich casts which are truly 'garden gold'. Join our experienced gardeners to discover simple achievable ways to reduce waste, enrich soil and make a meaningful difference in your garden.



# Siúlóid agus Ceardlann Ealaíne Dúlra (Nature Art Walk & Workshop)

**Dé Céadaoin 20 Bealtaine / Wednesday 20th May**
**11am-1pm | Déan Áirithint ar Líne / Book Online**
**Saor in aisce / Free**

Is deis í an cheardlann seo chun a bheith cruthaitheach agus an domhan nádúrtha a fhiosrú trí ealaín. Beidh siúlóid choille réidh agus buntreoir ar dhialann dúlra a choinneáil mar chuid de. Tosaigh ar do chéad dialann dúlra riamh nó feabhsaigh do scileanna dialainne dúlra agus tosaigh ar chleachtadh aireach is féidir leat a thabhairt isteach i do shaol laethúil. Glac am le sos a bheith agat, le tabhairt faoi deara agus le bheith fiosrach faoin bhithéagsúlacht bhríomhar atá thart orainn. Cuirfear ábhair ealaíne bhunúsacha agus leabhar sceitse ar fáil ach tá fáilte romhat do mheán ealaíne is fearr leat a thabhairt leat. Tá an cheardlann seo oiriúnach do dhaoine fásta nó do dhéagóirí níos sine.



This workshop is a chance to get creative and explore the natural world through art and will include a gentle woodland walk and an introduction to nature journaling. Begin your first ever nature journal or extend your nature journaling skills and start a mindful practise that you can bring into your daily life. Take time to pause, notice and become curious about the vibrant biodiversity all around us. Basic art materials plus a sketch book will be provided but you are welcome to bring along your preferred art medium. This workshop is suitable for adults or older teenagers.



# Siúlóid agus Picnic i gCoille Fhiáin leis an Donegal Chef agus Foireann Ghleann Bheatha (Wild Woodland Hike & Picnic with The Donegal Chef & Glenveagh Staff)

**Dé Céadaoin 20 Bealtaine / Wednesday 20th May | 11:30**
**Déan Áirithint ar Líne €25 / Book Online €25**

Eispéireas eisiach nua ag fiosrú tírdhreacha agus stair choille Ghleann Bheatha leis an Fhoireann Caomhnaithe Dúlra agus an Donegal Chef. Tá bus agus siúlóid tríd an ghleann feadh Chonair an Ghleanna le heispéireas picnic fhiáin dochreidte mar chuid de. Tá gá le héadaí agus bróga oiriúnacha. **Níl sé oiriúnach ag cathaoireacha rothaí.*

Cuireann an Donegal Chef seirbhís chócaire pearsanta, lónadóireacht tearmainn, ranganna cócaireachta, agus eispéiris siúlóide agus picnice treoraithe ar fáil ar fud Dhún na nGall. Ag baint úsáid as táirgí áitiúla séasúracha, cruthaímid eispéiris bia pearsanta do chuairteoirí, tearmainn, agus ócáidí speisialta a nascann bia iontach le tírdhreacha Dhún na nGall www.thedonegalchef.com

New exclusive experience exploring the landscape and woodland history of Glenveagh with the Nature Conservation Team and The Donegal Chef. Includes bus and hike though the valley along the Glen Trail with an unforgettable wild picnic experience. Suitable clothing & footwear required. **Not wheelchair accessible.*

The Donegal Chef offers private chef dining, retreat catering, cooking classes, and guided hike-and-picnic experiences across Donegal. Using seasonal local produce, we create personalised food experiences for visitors, retreats, and special occasions that connect great food with Donegal's landscapes www.thedonegalchef.com.

## Siúlóid agus Ceardlann Ealaíne Dúlra (Young Voices for Nature & Children's Film Launch)

**Dé Céadaoin 20 Bealtaine / Wednesday 20th May**
**5-8pm | Ionad Cuairteoirí / Visitor Centre | Saor in aisce. Sonraí ar ár suíomh Gréasáin / Free. Details on our website**

Tá muid bródúil as seoladh ár Scannán Coille nua do pháistí a fhógairt, agus muid ag cur Fáilte Uí Cheallaigh roimh do pháistí scoile a bhí sa léiriú nua iontach seo le Paper Owl Films. Amharc ar ár scannán nua agus bain sult as taibhithe de théama an dúlra ó pháistí agus ó dhaoine óga ó cheantar Ghleann Bheatha agus Dhún na nGall. Á óstáil ag Aíonna Speisialta

*Tá dearbhán teaghlaigh €10 do bhialann Nellies do teaghlach san áireamh.*



We are proud to announce the launch of our new Children's Woodland Film, rolling out the red carpet for the school children who starred in this wonderful new production with Paper Owl Films. Watch our new film and enjoy nature themed performances from children and young adults from around Glenveagh and Donegal. Hosted by Special Guests

*Includes family voucher for Nellies restaurant €10 per family.*







Performances by children from the Sunflower Ensemble & Zona Dance Youth Ensemble.

# An Tóraíocht Mhór Feithidí (The Big Bug Hunt)

*Le tacaíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall / Supported by Donegal County Council*

**Dé Céadaoin 20 Bealtaine / Wednesday 20th May 5-8pm | Taobh amuigh de Bhialann Nellies/ Outside Nellies Restaurant | Ócáid Oscailte Saor in Aisce / Free Open Event**

Mar chuid dár nImeacht Glórtha Óga don Dúlra, is féidir le páistí agus teaghlaigh a bheith ina n-eolaithe saoránaigh agus dul le hOifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Thóraíocht Mhór Feithidí. Cuardaigh feithidí agus glac páirt inár dtráth na gceist ar Thóraíocht Mhór Féileacáin le deis duaiseanna 'fiáine' a bhaint. Maoinithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus NPWS tríd an Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil 2026.

As part of our Young Voices For Nature event, children and families can become citizen scientists and join Donegal County Council's Biodiversity Officer to go on a Big Bug Hunt. Search for mini-beasts and enter our Big Butterfly Hunt quiz for a chance to win some 'wild' prizes. Funded by Donegal County Council and NPWS through the Local Biodiversity Action Fund 2026.



# Safari Ialtóg
# (Bat Safari)

*Le tacaíocht ó Caomhnú Ialtóg Éireann / Supported by Bat Conservation Ireland*

**Dé Céadaoin 20 Bealtaine / Wednesday 20th May**
**8.30-10pm | Ionad Cuairteoirí / Visitor Centre**
**Imeacht Saor in Aisce - Eolas áirithinte ar ár suíomh Gréasáin / Free Event - Booking info on our website**

I ndiaidh ár spraoi agus ár gceiliúradh tráthnóna, bígí linn ag Caomhnú Ialtóg Éireann le haghaidh tráth na gceist teaghlaigh agus ceardaíocht ar ialtóga, agus críochnóidh an tráthnóna le safari ialtóige treoraithe le trealamh speisialta chun ialtóga a fheiceáil a ligfidh duit na hialtóga a 'chloisteáil' agus iad ag eitilt thart.

*Fóirsteanach do pháistí 7+ mbliana d'aois, is gá d'áit a chur in áirithe roimh ré mar go bhfuil líon teoranta áiteanna ann agus ní mór do pháistí a bheith le agus faoi mhaoirseacht tuismitheora/caomhnóra i gcónaí. Tabhair leat tóirse, seaicéad sofheicthe agus caith éadaí agus bróga oiriúnacha.*

After our early evening fun and celebrations, join Bat Conservation Ireland and our conservation rangers for a family bat quiz, crafts and finish off the evening with a guided bat safari with special bat detecting equipment that will let you 'hear' the bats as they fly around.

*Suitable for ages 7+, advanced booking essential as places are limited and children must be always accompanied and supervised by a parent/guardian. Bring a torch, high-vis jacket and wear suitable clothes and footwear.*




# Bróinse Bithéagsúlachta - Ócáid Líonraithe Dúlra do Lá Natura 2000 (Biodiversity Brunch - Nature Networking Event for Natura 2000 Day)

NATURA 2000

**Déardaoin 21 Bealtaine / Thursday 21st May | 9am-1pm
Ollphuball / Marquee | Is gá áit a chur in áirithe - Ríomhphost: N2000GNP@npws.gov.ie / Booking required - Email: N2000GNP@npws.gov.ie**

Le bia spreagtha ag an dúlra ó Nellie's, agus scéalta agus cur i láthair inspioráideach, tá súil againn go dtiocfaidh méadú ar chomhoibriú i leith na Bithéagsúlachta i nDún na nGall agus san Iarthuaisceart mar gheall ar an maidin seo de chomhráite agus d'eolas. I measc na gcainteoirí beidh cairde agus comhghleacaithe ó OTA, Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Ná Fág Aon Rian i Do Dhiaidh Éireann, Wild agus Co, Hometree agus daoine eile. Amharc ar ár suíomh gréasáin le haghaidh an chláir iomláin. Tá Seoladh Speisialta Léarscáil Fiadhúlra Siúil nua Ghleann Bheatha leis an Maisitheoir Robert Vaughan mar chuid de seo. Tacaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus NPWS tríd an Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil.

**Clár roghnach tráthnóna de chainteanna, de thurais allamuigh agus de thaispeántais ar fáil ar ár suíomh gréasáin.**





*Natura 2000 Day - Biodiversity Brunch & Networking*

With nature inspired food from Nellie's, and bite sized inspirational stories & presentations, we hope this morning of conversations and knowledge exchange will expand collaboration in Donegal and the North West around Biodiversity and Nature Conservation. Speakers include friends and colleagues from ATU, NCAD, Leave No Trace Ireland, Wild & Co, Hometree plus others and music by celloist Laura McFadden. Check our website for the full programme. Includes Special Launch of Glenveagh's new Walking Wildlife Map with Illustrator Robert Vaughan.

**Optional afternoon programme of talks, field trips and demonstrations available on our website.**



# Oiliúint Réigiúnach Scoileanna Ildánacha (Creative Schools Regional Training)

## Déardaoin 21 Bealtaine / Thursday 21st May

Scoileanna Ildánacha Creative Schools

**An Foscadh Mór**
**Private Event - Invite Only**

Le linn na féile, beidh cruinniú réigiúnach iarthuaisceart Chlár na Scoileanna Ildánacha againn, agus lá ag díriú ar fhoghlaim taobh amuigh. Is imeacht phríobháideach í seo do chomhghleacaithe Scoileanna Ildánacha. Tacaíonn Scoileanna Ildánacha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus le hionaid Ógtheagmháil ar fud na hÉireann chun na healaíona agus an chruthaitheacht a chur i gcroílár shaol páistí agus daoine óga. Le haghaidh tuilleadh eolais faoin ghradam agus an dóigh chun iarratas a dhéanamh féach: www.artscouncil.ie/developing-the-arts/flagship-programmes/creative-schools/

*Is tionscnamh suaitheanta de chuid Clár Éire Ildánach é Scoileanna Ildánacha a bhfuil sé mar aidhm aige cumas cruthaitheach gach páiste a fhorbairt. Tá Scoileanna Ildánacha faoi stiúir na Comhairle Ealaíne i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.*

During the festival we will host the north-west regional meetup of the Creative Schools Programme, with a day focusing on outdoor learning. This is a private event for Creative associates Creative Schools supports primary and post-primary schools and Youthreach centres across Ireland to put arts and creativity at the hearts of children's and young people's lives. For more information on the award and how to apply see: www.artscouncil.ie/developing-the-arts/flagship-programmes/creative-schools.

*Creative Schools is a flagship initiative of the Creative Ireland Programme to enable the creative potential of every child. Creative Schools is led by the Arts Council in partnership with the Department of Education and the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.*

# Bí i do Chaomhnóir Pailneoirí (Become a Pollinator Guardian)

**Déardaoin 21 Bealtaine / Thursday 21st May**
**1:45-2:45 | Gairdíní an Chaisleáin / Castle Gardens**
**Déan Áirithint ar Líne - Saor in aisce / Book Online - Free**

Déan ceiliúradh ar Sheachtain na Bithéagsúlachta trí bheith i do Chaomhnóir Pailneoirí. Bí linn ar thuras treoraithe trí na gairdíní agus muid ag cur gníomhartha Phlean Pailneoirí Uile-Éireann i bhfeidhm, ag taispeáint céimeanna praiticiúla, indéanta a thacaíonn le beacha, féileacáin agus pailneoirí ríthábhachtacha eile inár ngairdíní agus níos faide i gcéin. Faigh amach rudaí is féidir leat a chur i bhfeidhm sa bhaile agus foghlaim faoin dóigh gur féidir leat tionchar níos mó fós a imirt trí pháirt a ghlacadh i dtaifeadadh pailneoirí tríd an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

Celebrate Biodiversity Week by becoming a Pollinator Guardian. Join us for a guided tour through the gardens as we bring the actions of the All-Ireland Pollinator Plan to life, showcasing practical, achievable steps that support bees, butterflies and other vital pollinators in our gardens and beyond. Discover ideas you can apply at home and learn how you can make an even greater impact by taking part in the pollinator recording through the National Biodiversity Data Centre.



# Le Chéile don Dúlra (Together for Nature)

17 – 24 Bealtaine 2026
17 – 24 May 2026

**ALL WEEK**

The Nature Space @ The Marquee ........ 4
National College of Art & Design Partnership ........ 5

**SUNDAY 17TH MAY**

Woodland Tales - Special Interactive story time for families ........ 6
Fun with Bat Conservation Ireland ........ 8

**MONDAY 18TH MAY**

Art Workshop for Adults ........ 9

**TUESDAY 19TH MAY**

Art Workshop for National Schools) ........ 11
Successful Composting ........ 12

**WEDNESDAY 20TH MAY**

Nature Art Walk & Workshop ........ 13
Wild Woodland Hike & Picnic with The Donegal Chef & Glenveagh Staff ........ 15
Young Voices for Nature & Children's Film Launch ........ 16
The Big Bug Hunt ........ 18

Bat Safari ........ 19

## THURSDAY 21ST MAY – NATURA 2000 DAY

Biodiversity Brunch - Nature Networking Event for Natura 2000 Day ........ 20
Creative Schools Regional Training ........ 22
Become a Pollinator Guardian ........ 23
Leaders for Nature Gathering ........ 26
Sunset Sessions ........ 27

## FRIDAY 22ND MAY

Landscape Reflections: Nature Inspired Yoga accompanied by live Cello ........ 28
Upper Glen Walk & Bus ........ 29
Wildflower Walk & Gourmet Picnic ........ 30

## SATURDAY 23RD MAY

Dawn Chorus Walk & Breakfast ........ 32
Glebe Garden Symposium - Celebrating Biodiversity ........ 33
Landscape Skills & Crafts Showcase ........ 36
Family Tree Planting ........ 37
Landscape & Language Cultural Evening & Meal With Special Guests Trú Music........ 38
Sunset Sessions ........ 42

## SUNDAY 24TH MAY

Dawn Chorus Walk & Breakfast ........ 43
Biodiversity Book Club ........ 44
Woodland Art Workshop with The Arty Fox ........ 45
Festival Closing Celebration ........ 47

# Oiliúint Réigiúnach Scoileanna Ildánacha (Leaders for Nature Gathering)

**Déardaoin 21 Bealtaine / Thursday 21st May | 7-9pm | Imeacht Saor in Aisce - Sonraí ar ár suíomh gréasáin / Free Event - Details on our website**

Is clár ceannaireachta tras-earnála, uile-oileáin é Ceannairí don Dúlra atá deartha chun tacú le gairmithe ar fud earnálacha éagsúla chun freagairt d'uaillmhianta Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann, an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus an Phlean Athchóirithe Dúlra. Tá céimithe 2026 ag bailiú i nGleann Bheatha chun a gcuid scéalta a roinnt, líonraí nua a thógáil agus níos mó a fhoghlaim faoi athchóiriú coillearnaí in Éirinn. Tá Ceannairí don Dúlra á chomhordú ag Common Purpose, Ná Fág Aon Rian i Do Dhiaidh Éireann agus Native Events. Is imeacht comhoibríoch é an Tionól a fhaigheann tacaíocht ó Fhondúireacht Glas na hÉireann agus Líonra Comhshaoil na hÉireann.

Leaders for Nature is a cross-sector, all-island leadership programme designed to support professionals across diverse sectors to respond to the ambitions of Ireland's Climate Action Plan, National Biodiversity Action Plan and the Nature Restoration Plan. 2026 Graduates are gathering at Glenveagh to share their stories, build further networks and learn more about woodland restoration in Ireland. Leaders for Nature is co-ordinated by Common Purpose, Leave No Trace Ireland & Native Events. The Gathering is a collaborative event kindly supported by Green Foundation Ireland and The Irish Environmental Network.

## Seisiúin Luí na Gréine (Sunset Sessions)

**Déardaoin 21 Bealtaine / Thursday 21st May**
**9-11pm | Ollphuball / Marquee | Imeacht oscailte saor in aisce / Free open event**

Bíodh port nó scéal leat, bain sult as an radharc agus as an atmaisféar i dteannta Jack Houston agus a bhanna ceoil. Seisiún oscailte ceoil agus scéalaíochta ina leanfar le comhráite ó Lá Natura 2000 agus an lá ag druidim chun deiridh. Deochanna um thráthnóna ar fáil ó Nellies.

Bring a tune, a story, enjoy the view and the vibes with Jack Houston & Band. Open music and story-telling session where conversations from Natura 2000 Day will continue as the day draws to a close. Evening drinks available from Nellies.



*Pacáiste lóistín na Féile le hÓstán An Chúirt agus rogha bus tointeála tráthnóna Déardaoin 21 Bealtaine. Féach ar an suíomh gréasáin do na sonraí ar fad.*

*Festival Accommodation package with An Chúirt Hotel and shuttle bus option for evening of Thursday 21st May. See website for full details.*

# Machnaimh Thírdhreacha: Ióga Spreagtha ag Dúlra le tionlacan Dordveidhle beo (Landscape Reflections: Nature Inspired Yoga accompanied by live Cello)

**Dé hAoine 22 Bealtaine / Friday 22nd May | 8am**
**An Foscadh Mór | Áirithint Ar Líne - €17 / Booking Online - €17**

Deis uathúil chun leas a bhaint as luach Ghleann Bheatha ó thaobh aireachais agus folláine de, trí uair an chloig chiúin de rannpháirtíocht céadfach agus gluaiseacht fhisiceach mhín, faoi stiúir Victoria Toye, agus cuireann Laura McFadden an fuaimrian ar fáil ar an dordveidhil, ag ligean duit tús a chur le do lá ar an dóigh is fearr. Rang measctha a bheidh sa rang, oiriúnach do gach duine, tosaitheoirí san áireamh. Cuir éadaí compordacha ort inar féidir leat síneadh a dhéanamh, tabhair leat éadach nó blaincéad más mian leat le haghaidh scíthe agus le haghaidh obair anála.



A unique opportunity to tap into Glenveagh's value for mindfulness and wellbeing, through a quiet hour of sensory engagement and gentle physical movement, led by Victoria Toye, whilst Laura McFadden provides the soundtrack on cello, allowing for the perfect way to start your day. The class will be mixed level, suitable for all including beginners. Dress in comfortable clothes you can stretch in, bring a layer or blanket if you like for relaxation and breath work.

# Siúlóid fríd an Ghleann Uachtarach agus Bus (Upper Glen Walk & Bus)

**Dé hAoine 22 Bealtaine / Friday 22nd May**
**Déan Áirithint ar Líne / Book Online**

Bain sult as turas lenár dtiománaithe bus cairdiúla go barr an ghleanna áit ar féidir leat dul síos tríd an ghleann oighrithe agus dul tríd ár gcoille ársa. Le radhairc ar Loch Ghleann Bheatha agus áilleacht Chaisleán agus Ghairdíní Ghleann Bheatha ag fanacht leat agus do shiúlóid chóir a bheith críochnaithe, is buaicphointe é nach mór a thapú. 7km, bealach measartha. Níl sé oiriúnach do chathaoireacha rothaí. Tá bus tointeála, nuair a bheidh tú réidh, ar ais ón chaisleán go dtí an carrchlós san áireamh i do thicéad, nó más féidir leat, tá siúlóid 3.5km ar ais.

Enjoy a ride with our friendly bus drivers to the head of the glen where you can venture down through the glaciated valley and pass through our ancient woodlands. With views of Lough Veagh and the splendour of Glenveagh Castle and Gardens waiting for you as your walk draws to a close, this trail is a highlight not to be missed. 7km, moderate route. Not wheelchair accessible. Ticket includes shuttle bus back from the castle to the car park at your leisure, or if you're feeling energetic, a final 3.5km walk.



# Siúlóid Bláthanna Fiáine & Picnic Só (Wildflower Walk & Gourmet Picnic)

**Dé hAoine 22 Bealtaine / Friday 22nd May | 12 Meán lae / 12 Midday | Áirithint Ar Líne - €25 / Booking Online - €25**

Tar lenár saineolaithe bláthanna fiáine ar shiúlóid tríd an bpáirc. Is minic a dhéantar neamhaird de rudaí beaga atá beo mar gheall ar an radhairc áille i nGleann Bheatha, ach is féidir gurb iad na rudaí beaga atá beo na rudaí is tábhachtaí. Ba mhaith linn an nós a chothú ionat a bheith ag amharc feadh na gciumhaiseanna, isteach sna díoga, faoi chrainn agus sna féara chun áilleacht bhláthanna fiáine na hÉireann a fheiceáil. Ina dhiaidh sin, beidh picnic le bia roghnaithe ag an Donegal Chef ina mbeidh táirgí ceardaí Éireannacha agus beidh áilleacht Pháirc Náisiúnta Ghleann Bheatha thart ort.

Join our wildflower experts on a walk through the Park. Tiny living things are often overlooked for the impressive scenery in Glenveagh, but can be the most important. We hope to get you in the habit of looking along the verges, into ditches, under trees and in the grasses to find the beauty of our Irish wildflowers. Followed by a handcrafted picnic by the Donegal Chef featuring artisanal Irish produce surrounded by the beauty of Glenveagh National Park.





# Siúlóid Cheiliúr na Camhaoire agus Bricfeasta (Dawn Chorus Walk & Breakfast)

**Dé Sathairn 23 Bealtaine / Saturday 23rd May | 4am**
**Buail le chéile ag an gCarrchlós / Meet at Car Park**
**Áirithint Ar Líne - €15 an duine/ Booking Online - €15pp**

Deis taithí a fháil ar Ghleann Bheatha ag am iontach den lá ar shiúlóid le hAengus Kennedy, taitneamh a bhaint as siansa an dúlra de chantain na n-éan, éin a chloisteáil agus a gcantain a aithint agus iad ag múscailt agus ag fógairt an lae. Bricfeasta breá ina dhiaidh sin i mbialann Nellie.

An opportunity to experience Glenveagh at a spectacular time of day enjoying nature's symphony of bird song, hearing and identifying birds as they wake and announce their presence on a stroll with Aengus Kennedy. Followed by a hearty breakfast in Nellie's Restaurant.



# GLEBE GARDEN SYMPOSIUM

At the Glebe House & Gallery
Celebrating Biodiversity

Saturday 23rd & Sunday 24th of May 2026
12 noon - 4pm

The Garden symposium is a two day event, featuring talks and walks by experts, designed for gardeners and enthusiasts to learn more about the wonderful world of gardening for Biodiversity.

Don't miss this opportunity to connect with fellow gardeners and discover the latest ideas for creating and maintaining an ecologically sustainable way of promoting biodiversity in your garden.

Whether you're a seasoned gardener or just starting out, there's something for everyone at this event.

More details will be available on our Facebook and Instagram pages

Free Event - Booking Essential - please email
glebegallery@opw.ie

# Siompóisiam Ghairdín na Gléibe – Ag Ceiliúradh na Bithéagsúlachta (Glebe Garden Symposium – Celebrating Biodiversity)

*Imeacht Speisialta Comhpháirtíochta Féile/ Special Festival Partnership Event*

**Dé Sathairn 23 agus Dé Domhnaigh 24 Bealtaine / Saturday 23rd & Sunday 24th May | 12pm-4pm gach lá / 12pm-4pm each day | Teach agus Gailearaí na Gléibe / Glebe House and Gallery | Imeacht Saor in Aisce - Áirithint Riachtanach: glebegallery@opw.ie / Free Event - Booking Essential: glebegallery@opw.ie**

Is imeacht dhá lá é an siompóisiam Gairdín, ina mbeidh cainteanna agus siúlóidí ó shaineolaithe atá deartha do gharraíodóirí agus do dhíograiseoirí chun níos mó a fhoghlaim faoi shaol iontach na garraíodóireachta ar mhaithe le Bithéagsúlacht. Ná caill an deis seo bualadh le garraíodóirí eile agus na smaointe is déanaí a fháil amach maidir le bealach inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta de a chruthú agus a chothabháil chun bithéagsúlacht a chur chun cinn i do ghairdín. Is cuma más garraíodóir thú le neart taithí nó más rud é go bhfuil tú díreach ag tosú amach, tá rud éigin ann, ag an ócáid seo, do gach duine.

*Beidh níos mó eolais ar fáil ar ár leathanaigh Facebook agus Instagram.*



The Garden symposium is a two day event, featuring talks and walks by experts, designed for gardeners and enthusiasts to learn more about the wonderful world of gardening for Biodiversity. Don't miss this opportunity to connect with fellow gardeners and discover the latest ideas for creating and maintaining an ecologically sustainable way of promoting biodiversity in your garden. Whether you're a seasoned gardener or just starting out, there's something for everyone at this event.

*More details will be available on our Facebook and Instagram pages.*



# Seóthaispeántas Scileanna Tírdhreacha agus Ceardaíochta (Landscape Skills & Crafts Showcase)

**Dé Sathairn 23 Bealtaine / Saturday 23rd May | 10am-4pm Ollphuball agus Clós an Chaisleáin / Marquee & Castle Courtyard | Ócáid Oscailte Saor in Aisce / Free Open Event**

Ag taispeáint réimse ceardaithe, saothar ealaíne agus gnólachtaí áitiúla, atá ag obair go hinbhuanaithe agus chun tacú le cúram a thabhairt don dúlra agus dár dtírdhreacha cultúrtha.I measc na dtaispeántas tá deileadh adhmaid, fíodóireacht sailí, priontáil nádúrtha, déanamh dúigh luibheolaíoch, múnlú céir nádúrtha, cosmaidí déanta as plandaí agus luibheanna agus taispeántais ghrianghrafadóireachta bunaithe ar an dúlra. Rannpháirtíthe: Brendan Farren, Patrick Sweeney, Treeney Harkin, Ruth Osbourne, Siobhan Boyle, Julie Scott, Lauren Scott agus an t-ealaíontóir Cónaithe Barbara Sullivan.



*Julie Scott Clay*



*Patrick Sweeney Acorn*

Showcasing a variety of local craftspeople, artwork and businesses working sustainably and in support of caring for nature and our cultural landscapes. Demonstrations include wood turning, willow weaving, natural printing, botanical ink making, nature wax modelling, plant & herb cosmetics and nature based photographic demonstrations. Contributors: Brendan Farren, Patrick Sweeney, Treeney Harkin, Ruth Osbourne, Siobhan Boyle, Julie Scott, Lauren Scott and artist in Residence Barbara Sullivan.

## Cuir Crann Teaghlaigh (Family Tree Planting)

**Dé Sathairn 23 Bealtaine / Saturday 23rd May | 2pm-4pm Buail le chéile ag an Ollphuball / Meet at Marquee | Ócáid Oscailte Saor in Aisce / Free Open Event**

Bí gníomhach ag cuidiú le do Pháirc Náisiúnta trí chrainn dhúchasacha ónár bplandlann a chur. Tabhair leat do lámhainní agus bróga oiriúnacha. Caithfidh duine fásta a bheith le páistí i gcónaí. Crann amháin in aghaidh an ghrúpa.

Get actively involved in helping your National Park by planting native trees from our nursery. Bring your gloves and suitable footwear. Children must be supervised at all times. One tree per group.



# Oíche Chultúrtha Tírdhreacha & Teanga agus Béile Le hAíonna Speisialta Trú Music

**Dé Sathairn, 23 Bealtaine | 6.45in – 9.15in, agus ina dhiaidh sin seisiúin luí gréine sa mhórphuball féile**
**Ionad Cuairteoirí | Áirithint Ar Líne - €20 an duine**

Tá nádúr ina uile fhoirmeacha tar éis cuid mhór den méid is eol dúinn agus is ansa linn faoi thírdhreacha Dhún na nGall agus na hÉireann a spreagadh. Léiríonn béaloideas Ceilteach, cultúr, stair agus logainmneacha meas domhain ar an domhan nádúrtha a bhí lárnach inár saol fadó. Ceanglaíonn na scéalta seo muid leis an talamh agus b'fhéidir go bhfuil an eochair iontu chun na réitigh a theastaíonn uainn a aimsiú, chun ár gceangal leis an ngrá caillte seo a athbhunú.

Bígí linn agus aíonna speisialta againn – Tru Music, Lorcan O'Toole, Maura Logue agus eile – d'oíche mhachnaimh, scéalta agus amhrán a spreagfaidh comhráite agus ceisteanna araon.

*Tá béile blasta Éireannach, a fhaightear go háitiúil, san áireamh i bpraghas an ticéid. Tá ráta speisialta ar fáil ag Óstán An Chúirt agus bus tointeála ar fáil.*

Ba thriad mhiotaseolaíoch filí-cheoltóirí iad an trú, a raibh meas orthu ar fud an domhain Cheiltigh. Is ann dóibh sin a fhaigheann an triúr TRÚ a spreagadh. Thosaigh an oidhreacht shaibhir a fhaighimid i gceol traidisiúnta agus tíre le daoine ag léirmhíniú patrúin sa nádúr trí amhráin agus scéalta. Canann muid faoi chrainn, lochanna agus sléibhte ó gach cearn d'Éirinn — amhráin a sheas an aimsir. Tá ábharthacht nua-aimseartha acu anois, agus muid ag féachaint leis na tailte atá ag athrú chomh tapa sin romhainn a chaomhnú.

Déanfaidh Lorcan O'Toole ó Iontaobhas an Iolair Fíréan  iniúchadh ar sheanfhocail agus ar fhocail dhúchasacha Ghaeilge shimplí, agus roinnfidh sé a dtábhacht maidir le tuiscint a fháil ar an gcaidreamh a bhí ag an gcine daonna leis an nádúr san am a chuaigh thart.

Tá Dark Daughter Productions, faoi stiúir Maura Logue, mar chuid de chlár imeachtaí Ghleann Bheatha le blianta fada. Tá Maura ag speisialú i scéalaíocht idirghníomhach agus cuirfidh sí saothar nua i láthair do Ghuth Aonair, a scríobhadh go speisialta don ócáid seo, ag tairiscint a dearcadh féin ar áiteanna agus ar logainmneacha dearmadta. Tá an saothar dar teideal "Cumha Bhríoghar do Láthair i bhFolach".

https://www.tru-music.com/



*Trú*

*Pacáiste lóistín na Féile le hÓstán An Chúirt agus rogha bus tointeála tráthnóna Déardaoin 21 Bealtaine. Féach ar an suíomh gréasáin do na sonraí ar fad.*

# Landscape & Language Cultural Evening & Meal With Special Guests Trú Music

**Saturday 23rd May | Start time: 6.45pm – 9.15pm, followed by sunset sessions in the festival marquee**
**Visitor Centre | Booking Online - €20pp**



*Maura Logue*

Nature in all its forms has inspired much of what we know and love about our Donegal and Irish landscapes. Celtic folklore, culture, history and place names point back to a time when a deep respect for the natural world was central to our existence. These stories tie us to the land and perhaps hold the key to unlocking the solutions we need to restore our connections with this lost love.

Join us with special guests Tru Music, Lorcan O'Toole, Maura Logue and others in an evening of reflection, stories and song that will inspire conversations and questions alike.

*A delicious, locally sourced Irish meal is included in the ticket price. Special Rate available at An Chúirt Hotel and Shuttle bus available.*

The trú was a mythological trio of poet-musicians who were revered throughout the Celtic world. It's here where trio TRÚ draw their inspiration. The rich heritage we draw from in traditional and folk music began with people interpreting patterns in nature through songs and stories. We find ourselves singing of trees, lakes, and mountains from across Ireland—songs that have stood the test of time. They carry a modern relevance now, as we look to preserve the very lands that are changing so quickly before us.

Lorcan O'Toole of the Golden Eagle Trust will explore old and simple indigenous Gaelic words sharing their importance in understanding the past relationship between humanity and nature.

Dark Daughter Productions under director Maura Logue, has been part of Glenveagh's event programme for many years. Maura specialises in interactive storytelling and will present a new work for Solo Voice, written especially for this event offering her perspective on forgotten places & place names. The piece is titled "A Soft Lament for Hidden Places"

https://www.tru-music.com/


*Trú*

*Festival Accommodation package with An Chúirt Hotel and shuttle bus option for evening of Thursday 21st May. See website for full details.*

# Seisiúin Luí na Gréine (Sunset Sessions)

**Dé Sathairn 23 Bealtaine / Saturday 23rd May | 9-11pm**
**Ollphuball / Marquee | Ócáid Oscailte Saor in Aisce / Free Open Event**

Bíodh port nó scéal leat, bain sult as an radharc agus as an atmaisféar i ndiaidh ár gceiliúrtha cultúrtha. Deochanna um thráthnóna ar fáil ó Nellies.

Bring a tune, a story, enjoy the view and the vibes following our cultural celebration event. Evening drinks available from Nellies.



# Siúlóid Cheiliúr na Camhaoire agus Bricfeasta (Dawn Chorus Walk & Breakfast)

**Dé Domhnaigh 24 Bealtaine / Sunday 24th May | 4am Carrchlós / Car Park | Áirithint Ar Líne - €15 an duine / Booking Online - €15pp**

Is deis í seo chun Gleann Bheatha a fheiceáil ag am iontach den lá, sult a bhaint as séis nádúrtha de cheol na n-éan, éin a chloisteáil agus a gceol a aithint agus iad ag múscailt agus ag fógairt go bhfuil siad ann, agus tú ar shiúlóid i dteannta Aengus Kennedy. Bricfeasta breá ina dhiaidh sin i mbialann Nellie.

An opportunity to experience Glenveagh at a spectacular time of day, enjoy nature's symphony of bird song, hear and identify birds as they wake and announce their presence on a stroll with Aengus Kennedy. Followed by a hearty breakfast in Nellie's Restaurant.



## Club Leabhar Bithéagsúlachta (Biodiversity Book Club)

**Dé Domhnaigh 24 Bealtaine / Sunday 24th May | 11am Ollphuball / Marquee | Ócáid Oscailte Saor in Aisce / Free Open Event**

Más rud é gur bhain tú sult as leabhar dúlra a léamh roimh an fhéile, tar agus roinn do chuid smaointe, léargais agus buaicphointí le linn caife maidin Domhnaigh san ollphuball. Faoi stiúir fhoireann Ghleann Bheatha agus aíonna speisialta.

If you've enjoyed reading a nature book in the run up to the festival, come and share your thoughts, insights and highlights over a Sunday morning coffee in the marquee. Lead by Glenveagh staff and special guests.



# Ceardlann Ealaíne Coillearnach leis an Sionnach Ealaíonta (Woodland Art Workshop with The Arty Fox)

**Dé Domhnaigh 24 Bealtaine / Sunday 24th May**
**12pm-2pm | An Foscadh Mór | Ócáid Oscailte Saor in Aisce / Free Open Event**

Tugtar cuireadh do pháistí, lena dteaghlaigh, chuig ceardlann coillearnach cruthaitheach. Cuidigh chun stiallbhratacha coillearnaí pobail a chruthú, spreagtha ag Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha. Ansin, déan puipéad beag coille agus leabhar beag taiscéalaí le dul ag taiscéalaíocht, agus tú ag foghlaim faoi radhairc agus faoi fhuaimeanna coillte Ghleann Bheatha agus an tsiúlóid cois locha. Feena McBride, éascaitheoir ealaíne atá ina cónaí in aice le Gleann Bheatha. Is breá léi an dúlra agus an chruthaitheacht a thabhairt le chéile agus páistí a spreagadh chun a samhlaíocht a úsáid agus rud éigin uathúil a chruthú a thig leo a bheith bródúil as.

Children are invited, with their families, to a creative woodland workshop. Help create a community woodland bunting inspired by Glenveagh National Park. Then, craft a small woodland puppet and mini explorer book to take on your adventure, while you discover the sights and sounds of Glenveagh's woodlands and lakeside walk. Feena McBride is an art facilitator living near Glenveagh. She loves bringing nature and creativity together and encouraging children to explore their imagination and make something unique they can feel proud of.





# Ceiliúradh Dheiridh na Féile (Festival Closing Celebration)

**Dé Domhnaigh 24 Bealtaine / Sunday 24th May | 3pm-4pme | Ollphuball / Marquee | Ócáid Oscailte Saor in Aisce / Free Open Event**

Bí linn faoi choinne tráthnóna ceoil agus comhrá leis an fhidléir ó Dhún na nGall, Jack Houston agus a bhanna ceoil. Le tionlacan den scoth ó Ella McGrory ar an bpianó agus Jack Warnock ar an ngiotár.

Is fidléir é Jack Houston as an Bheart, in Inis Eoghain. Chaith sé blianta fada ag staidéar agus ag obair in Albain áit ar fhiosraigh sé na cosúlachtaí idir ceol, teanga agus tírdhreacha na hAlban agus na hÉireann.

Tá tionchar ag fidléirí áitiúla in Inis Eoghain agus in oirthear Dhún na nGall ar stíleanna seinnte agus cumadóireachta Jack, amhail Roisin McGrory, Tommy Peoples, Dinny McLaughlin, Séamus Grant, Liz Doherty, Ciaran Tourish, agus Clódagh Warnock, chomh maith le fidléirí ó iarthar Dhún na nGall agus Albain.

Join us for an afternoon of tunes and chat with Donegal fiddler Jack Houston & Band. With top quality accompaniment from Ella McGrory on piano and Jack Warnock on guitar.

Jack Houston is a fiddler from Burt, in Inishowen. He has spent many years studying and working in Scotland where he has explored the similarities in the music, language, and landscapes of Scotland and Ireland.

Jack's playing and composition styles are influenced by local fiddlers in Inishowen and East Donegal such as Roisin McGrory, Tommy Peoples, Dinny McLaughlin, Séamus Grant, Liz Doherty, Ciaran Tourish, and Clódagh Warnock, as well as by fiddlers from West Donegal and Scotland.

# Le Chéile don Dúlra (Together for Nature)

## 17 – 24 Bealtaine 2026
## 17 – 24 May 2026

*Bithéagsúlacht a cheiliúradh trí chruthaitheacht, trí chomhrá agus trí phobail.*

Bí linn i bPáirc Náisiúnta Ghleann Bheatha le haghaidh ár bhféile imeachtaí, le béim faoi leith ar na healaíona, chun aird a tharraingt ar an tírdhreach, a stair, na daoine, an nádúr agus caomhnú. Feidhmeoidh an Pháirc mar ionad chun daoine gairmiúla atá ag obair don dúlra, ealaíontóirí, éascaitheoirí, ceoltóirí agus déantóirí scannán a thabhairt le chéile mar aon lenár bhfoireann féin.

*Celebrating Glenveagh's biodiversity through creativity, conversation and community.*

Join us in our festival of events to highlight the landscape, its history, people, nature and conservation, with a special emphasis on the arts. The park will act as a venue to bring together professionals working for nature, artists, facilitators, musicians and film makers along with our own staff.

Cuir d'áit in áirithe ar líne tríd ár suíomh Gréasáin
Visit the festival webpage/booking address for more information
https://www.nationalparks.ie/glenveagh/things-to-do/events/